Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2021
(OR. en)

10579/21

AGRI 327
WTO 176
DELACT 142

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2021) 4867 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.7.2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sainmhíniú na dtagairtí d'ainmneacha dlíthiúla deochanna biotáilleacha nó tásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha agus a n-úsáid i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú deochanna biotáilleacha seachas na deochanna biotáilleacha dá dtagraítear |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2021) 4867 final.

---

Faoi iamh: C(2021) 4867 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2021
C(2021) 4867 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.7.2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sainmhíniú na dtagairtí d'ainmneacha dlíthiúla deochanna biotáilleacha nó tásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha agus a n-úsáid i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú deochanna biotáilleacha seachas na deochanna biotáilleacha dá dtagraítear**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2019/787, rinneadh an fhoclaíocht a shoiléiriú agus a athrú go substaintiúil i bhforálacha áirithe maidir le táirgeadh agus lipéadú a bhaineann le deochanna biotáilleacha agus earraí bia a tháirgtear trí dheochanna biotáilleacha a úsáid mar chomhábhair. D'fhonn tréimhse a chur ar fáil a bheadh fada go leor fóntacht na bhforálacha athfhoirmlithe a thástáil, thug an Reachtóir de chumhacht don Choimisiún go dtí an 25 Bealtaine 2025 gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na forálacha sin a leasú nó chun an Rialachán maidir le Deochanna Biotáilleacha a fhorlíonadh trí mhaolú ar na forálacha sin.

Go háirithe, athfhoirmíodh go bunúsach sainmhíniú agus coinníollacha úsáide 'tagairtí' d'ainm deoch bhiotáilleach amháin nó níos mó i ndáil leis na forálacha atá ann faoi láthair, rud a chuireann srian leis an bhféidearthacht 'tagairtí' a úsáid d'earraí bia amháin nach deochanna biotáilleacha iad agus do licéir. Fágann sin nach féidir ainm deochanna biotáilleacha a úsáid i dtuairisc, i gcur i láthair ná i lipéadú deochanna biotáilleacha seachas licéir.

Mar sin féin, i gcás deochanna biotáilleacha áirithe, is cleachtas traidisiúnta é tagairt a dhéanamh d'ainmneacha deochanna biotáilleacha eile nuair is iad an t-aon bhonn alcólach amháin iad óna ndéantar tuilleadh próiseála orthu nó más rud é go ndearnadh iad a aibiú nó a chríochnú i mbairillí ina raibh deochanna biotáilleacha eile roimhe sin.

Ba cheart an fhéidearthacht sin a chaomhnú agus, dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/787 a leasú chun an tagairt d'ainmneacha deochanna biotáilleacha nó tásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha a cheadú i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú deochanna biotáilleacha eile.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuir Ballstáit áirithe agus ionadaithe áirithe de chuid na hearnála in iúl don Choimisiún gurb amhlaidh a dhéantar lipéadú deochanna biotáilleacha áirithe atá ar an margadh cheana féin le tamall anuas neamhdhleathach le foclaíocht thuasluaite an Rialacháin nua maidir le Deochanna Biotáilleacha. Ba cheart é sin a shoiléiriú chun faisnéis iomlán dhlisteanach a cheadú do thomhaltóirí agus chun an reachtaíocht a ailíniú le modhanna táirgthe traidisiúnta a úsáidtear go forleathan.

Rinneadh comhairliúcháin lena raibh baint ag saineolaithe ó na 27 mBallstát uile mar ullmhúchán do chruinniú an tSainghrúpa um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta – Deochanna Biotáilleacha, agus lena linn, a reáchtáladh (go fíorúil) an 3 Nollaig 2020 agus an 9 Feabhra agus an 28 Aibreán 2021 chomh maith. Tháinig comhdhearcadh leathan maidir leis an Dréacht-Rialachán Tarmligthe as an bpróiseas comhairliúcháin sin.

Cláraíodh comhdhearcadh freisin le linn an chomhairliúcháin phoiblí ghinearálta a rinneadh tríd an dréachtrialachán tarmligthe maidir leis an Tairseach um Rialáil Níos Fearr a fhoilsiú ón 14 Aibreán go dtí an 12 Bealtaine 2021.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe bunaithe ar Airteagal 50(3) de Rialachán (AE) 2019/787 agus ní bhaineann sé ach le foráil amháin ar tugadh de chumhacht don Choimisiún í a leasú de bhua na míre sin. Ba cheart é a ghlacadh trí bhíthin an nós imeachta de réir Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2019/787.

Airteagal 1: Déantar foráil san Airteagal seo maidir leis an bhféidearthacht tagairt a dhéanamh d'ainmneacha dlíthiúla ar chatagóir dí biotáillí nó do thásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú deochanna biotáilleacha eile i gcásanna áirithe agus faoi choinníollacha áirithe, agus an sainmhíniú ar 'thagairt' in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2019/787 á oiriúnú dá réir. Maolaíonn sé freisin ar an gceanglas ginearálta maidir le lipéadú ar 'leath na clómhéide' le haghaidh tagairtí do bhairillí deochanna biotáilleacha fad a cheanglaítear nach mbeidh na tagairtí sin níos feiceálaí ná an t-ainm dlíthiúil nó na comhthéarmaí a úsáidtear.

Airteagal 2: Déantar foráil leis an Airteagal seo maidir le hidirthréimhse i dtaobh deochanna biotáilleacha lena mbaineann an Rialachán seo agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 31 Nollaig 2022 i gcomhréir le forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2013, sa mhéid is gur féidir leanúint dá gcur ar an margadh gan gá iad a athlipéadú.

Airteagal 3: Déantar foráil leis an Airteagal seo maidir le cur i bhfeidhm comhuaineach an leasaithe dá bhforáiltear in Airteagal 1 leis na forálacha a ndéantar tagairt dóibh ann (i.e. Airteagal 3(3) agus Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/787), forálacha a mbeidh feidhm acu ón 25 Bealtaine 2021, de bhua Airteagal 51(1) de Rialachán (AE) 2019/787.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.7.2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sainmhíniú na dtagairtí d'ainmneacha dlíthiúla deochanna biotáilleacha nó tásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha agus a n-úsáid i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú deochanna biotáilleacha seachas na deochanna biotáilleacha dá dtagraítear**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú táirgí eile bia, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008[1], agus go háirithe Airteagal 50(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/787, rinneadh an fhoclaíocht a shoiléiriú agus a athrú go substaintiúil i bhforálacha áirithe maidir le táirgeadh agus lipéadú a bhaineann le deochanna biotáilleacha agus earraí bia a tháirgtear trí dheochanna biotáilleacha a úsáid mar chomhábhair.

(2) Go háirithe, le Rialachán (AE) 2019/787, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus a chuirtear ina ionad le héifeacht ón 25 Bealtaine 2021, rinneadh athbhreithniú ó bhonn ar an sainmhíniú agus na coinníollacha maidir le húsáid tagairtí d'ainm dlíthiúil ceann amháin nó níos mó de chatagóirí deochanna biotáilleacha nó do thásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha mar a leagtar síos in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ón gComhairle[2] agus i bpointe (d) d'Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2013 ón gCoimisiún[3]. Go deimhin, leis na forálacha comhfhreagracha nua in Airteagal 3(3) agus in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/787 ní cheadaítear tagairtí a úsáid ach amháin i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú earraí bia seachas deochanna biotáilleacha agus licéar. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear aon tagairt i dtuairisc, i gcur i láthair ná i lipéadú deochanna biotáilleacha seachas licéir leis na forálacha nua maidir le tagairtí i Rialachán (AE) 2019/787. Rinneadh an rogha reachtach sin chun forluí a sheachaint idir tagairtí, arna rialú le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/787, agus meascáin, arna rialú le hAirteagal 13(3) agus (4) den Rialachán sin. Go deimhin, cáilíonn an

---

[1] IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2013 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2013 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach deochanna biotáilleacha (IO L 201, 26.7.2013, lch. 21).

teaglaim de dheoch bhiotáilleach amháin le deoch bhiotáilleach eile mar mheascán agus dá bhrí sin níor cheart í a lipéadú i gcomhréir leis na forálacha maidir le lipéadú le haghaidh tagairtí. Mar sin féin, cuireadh eisceacht isteach in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/787 chun tagairtí do dheochanna biotáilleacha eile a cheadú ar licéir, d'fhonn lipéadú líon suntasach táirgí a mheasann tomhaltóirí a bheith traidisiúnta agus aitheanta go ginearálta a chaomhnú. Mar sin féin, níor cuireadh san áireamh sa sainmhíniú nua ná sna ceanglais nua maidir le tagairtí dhá chás breise de mhodhanna táirgthe traidisiúnta, nach bhfuil ceachtar acu incháilithe mar mheascán, ina ndéantar tagairt do dheochanna biotáilleacha arb iad an t-aon chomhábhar alcólach amháin i ndeoch bhiotáilleach eile iad ná do dheochanna biotáilleacha ar ina mbairillí a aibíodh deochanna biotáilleacha eile. Dá bhrí sin, mura rialaítear iad mar thagairtí, beidh na cásanna sin ina gcásanna neamhdhleathacha faoi Rialachán (AE) 2019/787.

(3) De réir Airteagal 10(7) de Rialachán (AE) 2019/787, tá toirmeasc ar ainm dlíthiúil ar chatagóir dí biotáillí nó ar thásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha a úsáid i dtuairisc, i gcur i láthair nó i lipéadú aon dí nach gcomhlíonann na ceanglais shonracha ach amháin i gcás comhthéarmaí, tagairtí agus liostaí comhábhar.

(4) Mar thoradh air sin agus tar éis dul i gcomhairle le tionscal na ndeochanna biotáilleacha agus leis na Ballstáit, is léir anois gurb é an toradh a bhíonn ar fhoclaíocht na bhforálacha maidir le tagairtí a athrú go gcuirtear toirmeasc ar an bhféidearthacht tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi mhodhanna táirgthe traidisiúnta atá in úsáid chun deochanna biotáilleacha áirithe a tháirgeadh, nuair a bhaineann an fhaisnéis sin le hainm deochanna biotáilleacha eile. Is éard atá sna modhanna sin deoch bhiotáilleach a úsáid mar an t-aon bhonn alcólach, gan earraí bia eile a chur léi ná caolú le huisce faoin neart alcóil is gá le haghaidh tuilleadh próiseála le bheith ina deoch bhiotáilleach éagsúil, agus deochanna biotáilleacha áirithe a stóráil le haghaidh na tréimhse aibithe iomláine nó cuid di i mbairillí adhmaid a raibh deoch bhiotáilleach eile iontu roimhe sin. Sa chás deireanach sin, i gcás na gcatagóirí deochanna biotáilleacha sin nó tásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha a bhfuil toirmeasc ar alcól a chur leo, ní mór a raibh sna bairillí roimhe sin a fholmhú sula gcuirtear an deoch bhiotáilleach atá le haibiú ina dhiaidh sin iontu.

(5) Baineadh úsáid as na modhanna sin go traidisiúnta ar feadh i bhfad in earnáil na ndeochanna biotáilleacha agus ba cheart iad a chumhdach le Rialachán (AE) 2019/787. Go deimhin, nuair a úsáidtear modhanna táirgthe traidisiúnta den sórt sin, cuirtear faisnéis thábhachtach úsáideach ar fáil do thomhaltóirí faoin táirge a roghnaíonn siad a cheannach agus a thomhailt agus déantar dealú leo idir brandaí éagsúla laistigh de chatagóirí nuair a thugtar le fios iad i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú na ndeochanna biotáilleacha comhfhreagracha. Go háirithe, tá sé ríthábhachtach a bheith ar an eolas faoi chineál na mbairillí a ndearnadh an deoch bhiotáilleach a aibiú iontu chun cuidiú le cuid d'ilchastacht na dí biotáillí sin a mhíniú.

(6) Chun an fhéidearthacht a chaomhnú go bhféadfaidh táirgeoirí faisnéis a sholáthar maidir le modhanna táirgthe traidisiúnta, is iomchuí Airteagal 3(3) agus Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/787 a leasú chun tagairtí d'ainmneacha dlíthiúla deochanna biotáilleacha nó do thásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha a cheadú i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú deochanna biotáilleacha eile a tháirgtear agus úsáid á baint as na modhanna traidisiúnta sin.

(7) Thairis sin, i gcás tagairtí do dheochanna biotáilleacha a bhí i mbairillí roimhe sin a úsáideadh chun deochanna biotáilleacha eile a aibiú ina dhiaidh sin, leis an bhforáil maidir le lipéadú a tugadh isteach le pointe (b) d'Airteagal 12(4) de Rialachán

(AE) 2019/787, lena gceanglaítear go bhfuil an tagairt le bheith i gclómhéid nach mó ná leath na clómhéide a úsáidtear le haghaidh ainm na dí alcólaí agus aon chomhthéarma, chuirfí ualach díréireach ar thionscal na mbiotáillí, lena gceanglófaí go n-athrófaí na mílte lipéad agus cartán agus go ndéanfaí athrú gan ghá ar leagan amach lipéadaithe a bhfuil taithí na mblianta ag tomhaltóirí air. Ina theannta sin, in a lán cásanna d'fhágfadh ceanglas den sórt sin gur ar éigean a bheadh an tagairt infheicthe ag an tsúil mura méadófaí go mór ar chlómhéid an ainm dhlíthiúil, rud nár cheart a bheith riachtanach nuair is tagairt shimplí shoiléir do cheann de na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin nó d'ainm táisc gheografaigh le haghaidh deochanna biotáilleacha é an t-ainm dlíthiúil i gcás nach bhféadfadh mearbhall a bheith ann. Dá bhrí sin, is iomchuí maolú ar an gceanglas lipéadaithe sin agus a cheangal, ina ionad sin, go mbeadh tagairtí i gclómhéid nach mó ná nach feiceálaí ná ainm dlíthiúil na dí biotáillí agus, i gcás ina n-úsáidtear iad, ná aon chomhthéarma.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/787 a leasú dá réir.

(9) Ba cheart idirthréimhse a chur ar fáil chun na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos le haghaidh tagairtí le Rialachán (AE) 2019/787 a chur i bhfeidhm ar dheochanna biotáilleacha seachas licéir. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin ón 31 Nollaig 2022 ionas go bhféadfaí leanúint de dheochanna biotáilleacha lena mbaineann a lipéadaíodh roimh an dáta sin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2013 a chur ar an margadh gan gá iad a athlipéadú.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 51(3) de Rialachán (AE) 2019/787 agus chun folús rialála d'aon sórt a sheachaint, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ón 25 Bealtaine 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/787 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

'(3) ciallaíonn 'tagairt' tagairt dhíreach nó indíreach do cheann amháin nó níos mó de na hainmneacha dlíthiúla dá bhforáiltear sna catagóirí deochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó do cheann amháin nó níos mó de thásca geografacha le haghaidh deochanna biotáilleacha, seachas tagairt i gcomhthéarma nó ar liosta comhábhar dá dtagraítear in Airteagal 13(2) go (4) i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú na nithe seo a leanas:

(a) earra bia seachas deoch bhiotáilleach,

(b) deoch bhiotáilleach a chomhlíonann ceanglais chatagóirí 33 go 40 d'Iarscríbhinn I, nó

(c) deoch bhiotáilleach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12(3a);'

(2) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach mír 3a seo a leanas:

'3a. De mhaolú ar mhír 1, i dtuairisc, i gcur i láthair agus i lipéadú dí biotáillí seachas deochanna biotáilleacha a chomhlíonann ceanglais chatagóirí 33 go 40 d'Iarscríbhinn I ceadófar an tagairt d'ainm dlíthiúil dá

bhforáiltear i gcatagóir deochanna biotáilleacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin nó do thásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha ar choinníoll:

(a) maidir leis an deoch bhiotáilleach dá dtagraítear sa tagairt:

(i) gur úsáideadh í mar an t-aon bhonn alcólach amháin chun an deoch bhiotáilleach dheiridh a tháirgeadh, a chomhlíonfaidh na ceanglais le haghaidh catagóir deochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I,

(ii) nár cumascadh í le haon earraí bia seachas na hearraí bia a úsáideadh lena táirgeadh nó le táirgeadh na dí biotáillí deiridh i gcomhréir le hIarscríbhinn I nó leis an tsonraíocht táirge ábhartha, agus

(iii) nár caolaíodh í trí uisce a chur léi sa chaoi go mbeadh a neart alcóil faoi bhun an nirt íosta dá bhforáiltear faoi chatagóir na ndeochanna biotáilleacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó leis an tsonraíocht táirge le haghaidh an táisc gheografaigh lena mbaineann an deoch bhiotáilleach dá dtagraítear sa tagairt; nó

(b) gur stóráladh an deoch bhiotáilleach ar feadh na tréimhse aibithe iomláine nó cuid di i mbairille adhmaid a úsáideadh roimhe sin chun an deoch bhiotáilleach dá dtagraítear sa tagairt a aibiú, ar choinníoll:

(i) gur folmhaíodh a raibh ann roimhe sin ón mbairille adhmaid i gcás na gcatagóirí sin de dheochanna biotáilleacha nó na dtásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha a bhfuil toirmeasc ar alcól a chur leo, bíodh sé caolaithe nó ná bíodh,

(ii) go ndéantar an tagairt laistigh den tuairisc ar an mbairille a úsáidtear chun an deoch bhiotáilleach a eascraíonn as a aibiú,

(iii) nach bhfuil an tagairt chomh feiceálach céanna le hainm dlíthiúil na dí biotáillí nó aon chomhthéarma a úsáidtear, agus

(iv) de mhaolú ar phointe (b) de mhír 4, go léirítear an tagairt i gclómhéid nach mó ná an chlómhéid a úsáidtear le haghaidh ainm dlíthiúil na dí biotáillí nó aon chomhthéarma a úsáidtear.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'4. Maidir leis na tagairtí dá dtagraítear i mír 2, mír 3 agus mír 3a:'.

*Airteagal 2*

Deochanna biotáilleacha dá dtagraítear in Airteagal 12(3a) de Rialachán (AE) 2019/787 nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos san Airteagal sin agus in Airteagal 12(4) de Rialachán (AE) 2019/787 arna leasú leis an Rialachán seo ach a chomhlíonann ceanglais Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2013 agus a lipéadaíodh roimh an 31 Nollaig 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Bealtaine 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.7.2021

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*